



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Feabhra 2024  
(OR. en)

6124/24

---

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2020/0103(COD)

---

---

ECOFIN 122  
UEM 27  
CADREFIN 24  
CODEC 271

## NÓTA CLÚDAIGH

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	29 Eanáir 2024
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2024) 40 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE Tuarascáil Bhliantúil 2021 agus Tuarascáil Bhliantúil 2022 maidir leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 40 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 40 final



An Bhruiséal, 29.1.2024  
COM(2024) 40 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS  
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Tuarascáil Bhliantúil 2021  
agus Tuarascáil Bhliantúil 2022 maidir leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil**

{SWD(2024) 17 final}

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## Tuarascáil Bhliantúil 2021 agus Tuarascáil Bhliantúil 2022 maidir leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil

Is í [an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil](#)<sup>1</sup> (TSI) clár an Aontais lena gcuirtear saineolas teicniúil saincheaptha ar fáil do Bhallstáit an Aontais ó 2021 chun athchóirithe a cheapadh agus a chur chun feidhme. Is é a chuspóir ginearálta comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a chur chun cinn trí thacú leis na Ballstáit na hathchóirithe is gá a chur chun feidhme chun téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta, athléimneacht agus cóineasú aníos a bhaint amach. Cuireann TSI leis an rath a bhí ar a réamhtheachtaí, an Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach (SRSP) do 2017 -2020<sup>2</sup>, agus baineann sí leas as buiséad i bhfad níos airde.

Agus é á bhainistiú ag AS Tacaíochta an Choimisiúin Eorpaigh um Athchóiriú Struchtúrach, tá TSI ar fáil d'aon Bhallstát a bhfuil dúshlán roimhe sa phróiseas chun athchóirithe a dhearadh agus a chur chun feidhme. Áirítear leis sin athchóirithe a bhfuil d'aidhm acu na dúshlán arna sainaithe i bpróiseas an **tSeimeastair Eorpaigh** maidir le comhordú an bheartais eacnamaíoch, **tosaíochtaí AE**, nó athchóirithe arna ndéanamh ag **Ballstát ar a thionscnamh féin** a shárú. Ní réamh-leithdháiltear cistí de réir Ballstáit ná de réir réimse beartais i mbuiséad TSI.

Cuireann TSI tacaíocht theicniúil ar fáil do na Ballstáit i **raon leathan de réimsí beartais**. Áirítear orthu sin bainistiú airgeadais phoiblí agus bainistiú sócmhainní, athchóiriú institiúideach agus riaracháin, an timpeallacht ghnó, an earnáil airgeadais, margaí le haghaidh táirgí, seirbhísí agus saothair, oideachas agus oiliúint, forbairt inbhuanaithe, sláinte, agus leas sóisialta. Dírionn sí ar ghníomhaíocht a chuireann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach. Is féidir le TSI tacú freisin le hobair chun pleananna náisiúnta **téarnaimh agus athléimneachta**<sup>3</sup> (RRP) a ullmhú agus a chur chun feidhme.

Ní éilítear cómhaoiniú ó na Ballstáit le TSI. Is é **EUR 864.4 milliún (Fíor 1)** a bhuiséad foriomlán faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2021 -2027. Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit tacaíocht theicniúil bhreise a iarraidh, agus tá sí iarrtha acu, trí ranníocaíocht dhíreach<sup>4</sup> nó mar chuid dá bpleananna téarnaimh agus athléimneachta.

2021).	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán
116.4	118.7	121.1	123.5	126.0	128.5	130.4	864.4

*Fíor 1 - Cláreagrú buiséid TSI 2021 -2027 (milliún euro)*

<sup>1</sup> Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, IO L 57, 18.2.2021, lgh. 1-16 (an [‘Rialachán TSI’](#)).

<sup>2</sup> Rialachán (AE) 2017/825 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le bunú an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach don tréimhse 2017 go 2020 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, IO L 129, 19.5.2017, lch. 1-16 (an [“Rialachán SRSP”](#)).

<sup>3</sup> Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, IO L 57, 18.2.2021, lgh. 17 -75 (an [“Rialachán RRF”](#), Airteagal 7.2).

<sup>4</sup> [Rialachán TSI](#), Airteagal 7.

Cuidíonn athchóirithe cliste, inbhuanaithe atá freagrach go sóisialta le hathléimneacht gheilleagair agus shochaithe na mBallstát a neartú. Cuireann TSI seirbhís uathúil atá bunaithe ar thionscadail ar fáil d'údarais is tairbhíthe sna Ballstáit chun cabhrú leo dul i ngleic le dúshlán maidir le hathchóirithe. Is féidir le tacaíocht a bheith i bhfoirm – mar shampla – chomhairle straitéisí agus dlí, staidéir, oiliúna, agus cuairteanna saineolaithe, agus féadfar níos mó ná foirm amháin tacaíochta a thabhairt do gach tionscadal. Is féidir í a úsáid ag céim ar bith sa phróiseas um athchóiriú ó ullmhúchán agus dearadh go forbairt agus cur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, **neartaíonn TSI cumas institiúideach agus riaracháin** Bhallstáit an Aontais. Tá sí **saincheaptha** agus tugann sí do gach tionscadal **meascán uathúil saineolais** a chuirtear ar fáil trí shaineolas inmheánach an Choimisiúin Eorpaigh, saineolaithe ó riaracháin náisiúnta Bhallstáit an Aontais (e.g. trí [TAIEX](#), ionstraim um Chúnadh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise an Choimisiúin Eorpaigh<sup>5</sup>), eagraíochtaí idirnáisiúnta nó an earnáil phríobháideach. Nuair atá gá le saineolas seachtrach ón earnáil phríobháideach, déanann an Coimisiún conarthaí sa saineolas seachtrach trí bhainistíocht dhíreach nó indíreach<sup>6</sup>. Bíonn foireann AS na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach go hiomlán rannpháirteach le linn an phróisis ar fad chun gach tionscadal a chur i bhfeidhm.

Trí thacaíocht ar an bhfód a sholáthar chun dúshlán maidir le hathchóirithe a shárú agus chun fás inbhuanaithe uilechuimsitheach a spreagadh, cuidíonn TSI leis na Ballstáit téarnamh ó éifeachtaí sóisialta agus eacnamaíocha phaindéim COVID-19, dul i ngleic le tionchair ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhísí poiblí.

Is **ionstraim mhaoiniúcháin atá bunaithe ar éileamh** í TSI a eagraítear i dtimthriallta **bliantúla**. Tá sé d'aidhm aici tacú leis na hiarratais is airde cáilíocht a chuireann na Ballstáit isteach chun dul i ngleic le tosaíochtaí ar leibhéal an Aontais agus le tosaíochtaí náisiúnta. Ritheann sé glaonna ginearálta ar iarratais le spriocdháta d'aighneachtaí an 31 Deireadh Fómhair.

Is féidir leis an gCoimisiún **glaonna tiomnaithe** breise ar iarratais a eagrú freisin de réir mar is gá agus nuair is gá chun freagairt do riachtanais shonracha atá ag teacht chun cinn ó Bhallstáit agus chun tacú le Ballstáit le **bearta speisialta** i gcás riachtanais phráinneacha. Rith sé glaonna tiomnaithe ar iarratais in 2021 agus 2022.

## **Timthriall TSI 2021**

**Ba é 2021 an chéad bhliain ar cuireadh an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil chun feidhme.** Ag cur le taithí agus le rath an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach, d'éirigh le AS na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach **feasacht a mhúscailt** faoi TSI i measc **27 n-údarás is tairbhíthe féideartha de chuid na mBallstát**, lenar áiríodh leibhéal láidir spéise ón tús.

In 2021 (Fíor 2), chuir na Ballstáit iarratais ar thacaíocht theicniúil isteach mar fhreagra ar thrí ghlaon ar iarratais:

- glao ginearálta TSI 2021 ar iarratais;
- glao ar leith ar oiliúint ar chleachtais maidir le buiséadú glas;

---

<sup>5</sup> [https://neighbourhood-enlargement.ec.europa.eu/funding-and-technical-assistance/taix\\_en](https://neighbourhood-enlargement.ec.europa.eu/funding-and-technical-assistance/taix_en)

<sup>6</sup> Tá liosta na n-eintiteas a chuireann cistí an Aontais chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach don Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil ar fáil ar [shuíomh gréasáin na hIonstraim um Thacaíocht Theicniúil](#).

- glao tiomnaithe ar thacaíocht do Bhallstáit an Aontais maidir lena bpleananna athléimneachta agus téarnaimh a ullmhú.

I mí Mheán Fómhair 2021, chuir an Ghréig iarratas eile isteach ar thacaíocht faoin sásra um bearta speisialta chun dul i ngleic leis an tacaíocht phráinneach iar-dhóiteáin atá uathu chun an bhithéagsúlacht agus na héiceachórais i limistéir dhóite oileán Evia a athshlánú agus a aisghabháil.

	Líon na n-iarratas a cuireadh isteach	Líon na n-iarratas a roghnaíodh	Buiséad a cuireadh in áirithe do na hiarratais roghnaithe i milliúin EUR
Glao ginearálta ar iarratais	706	232	104.3
Oiliúint ar chleachtais maidir le buiséadú glas <sup>7</sup>	18	18	0.45
Glao tiomnaithe ar thacaíocht RRP	38	26	10.49
Bearta speisialta	1	1	0.18
<b>IOMLÁN TSI in 2021</b>	<b>763</b>	<b>277</b>	<b>115.42</b>

*Fíor 2 – Tábla Forléargais TSI 2021*

Chlúdaigh na 232 iarratas a roghnaíodh faoi ghlaos ginearálta TSI 2021 príomhthosaíochtaí AE lena n-áirítear<sup>8</sup>:

- 125 iarratas a bhaineann le pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a ullmhú nó a chur chun feidhme;
- 102 iarratas a bhaineann leis an aistriú digiteach;
- 68 n-iarratas a bhaineann leis an gComhaontú Glas don Eoraip;
- 16 iarratas a bhaineann le comhionannas: tacaíocht do mhná, do dhaoine faoi mhíchumas, don phobal Romach, d’imircigh, do dhaoine aosta agus don phobal LGBTIQ+.

Déantar tuairisc sna **27 bplean comhair agus tacaíochta a tugadh i gcrích** leis na Ballstáit in 2021 ar na réimsí beartais a chumhdaítear agus ar raon feidhme na mbeart tacaíochta atá le cur chun feidhme, chomh maith le hamlínte tascacha agus buiséid mheasta.

Rinneadh na 277 n-iarratas a roghnaíodh do TSI in 2021 faoi na ceithre ghlaos éagsúla ar iarratais a chuíchóiriú ina 263 thionscadal mar i roinnt cásanna, rinneadh roinnt iarratas a chumasc i dtionscadal aonair chun barainneachtaí scála a scaoileadh sa seachadadh agus chun sineirgí áitiúla a chur chun cinn. As na 263 thionscadal sin, chuaigh dhá thionscadal i ngleic le riachtanais roinnt tíortha an tráth céanna, rud a réitigh an bealach chun cur chuige ilnáisiúnta a fhorbairt sna blianta ina dhiaidh sin.

Ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2023, dúnadh 151 tionscadal TSI 2021, cuireadh 5 cinn ar ceal agus bhí 107 dtionscadal fós ar siúl. Sampla de thionscadal tábhachtach TSI 2021 is ea Cleachtais maidir le Buiséadú [Glas a Chur Chun Feidhme i measc Bhallstáit an Aontais](#). Tá tuilleadh samplaí agus sonraí ar fáil sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis.

## **Timthriall TSI 2022**

Ag cur leis an taithí a fuarthas agus leis an obair for-rochtana a rinneadh i mbabhta TSI 2021, don dara bliain de chur chun feidhme na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil, d’éirigh le AS na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach **feasacht a mhúscailt tuilleadh** ar an gclár i measc

<sup>7</sup> Chuaigh 5 Bhallstát eile isteach sa scéim oiliúna in 2022.

<sup>8</sup> D’fhéadfadh iarratas aonair ar thacaíocht theicniúil cur le roinnt tosaíochtaí AE.

27 n-údarás tairbhíthe féideartha na mBallstát, rud a chuir i dtábhacht gurbh é cáilíocht na n-iarratas ar thacaíocht theicniúil an toisc chinntitheach le haghaidh roghnúcháin.

Seoladh timthriall TSI 2022 le linn na chéad [Chomhdhála Bliantúla TSI](#), a bhí ar siúl an 30 Meitheamh agus an 1 Iúil 2021. Chuir sé tús leis an bplé leis na Ballstáit maidir le hiarratais a d'fhéadfaí a chur isteach i dtimthriall 2022 agus thug sé dhá phríomhathrú isteach: tionscadail ilnáisiúnta, atá dírithe ar dhul i ngleic le saincheisteanna coiteanna nach mór do go leor Ballstát aghaidh a chur orthu, agus ar bhreisluach AE na hionstraime a threisiú, agus tionscadail 'shuaitheanta', lena dtacaítear le hathchóirithe a bhfuil gá forleathan leo ar fud na mBallstát agus atá i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais.

Éascaíonn na tionscadail shuaitheanta iarratais ó na Ballstáit trí thionscnaimh thacaíochta atá forbartha go páirteach a chur ar fáil chun tuilleadh plé a dhéanamh fúthu agus iad a chur in oiriúint do riachtanais na mBallstát. Mhol AS na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach 12 thionscadal shuaitheanta ar ábhair a roghnaíodh tar éis comhairliúchán críochnúil a dhéanamh ar bheartas an Choimisiúin, Ard-stiúrthóireachtaí agus údarais chomhordúcháin náisiúnta i ngach Ballstát, chun comhsheasmhacht le tosaíochtaí náisiúnta agus tiomantas na n-údarás náisiúnta a áirithiú. As na 12 thogra do [tionscadail shuaitheanta um thacaíocht theicniúil TSI 2022](#), dhírigh 5 cinn ar an aistriú glas agus 3 cinn ar an aistriú digiteach.

In 2022 (Fíor 3), chuir na Ballstáit iarratais ar thacaíocht theicniúil isteach mar fhreagra ar dhá ghlaó ar iarratais:

- glao ginearálta TSI 2022 ar iarratais;
- glao tiomnaithe ar iarratais chun tacú le Ballstáit an Aontais chun déileáil le hiarmhairtí chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, go háirithe chun fáilte a chur roimh dhídeanaithe ón Úcráin agus deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas ar bhreosláí iontaise ón Rúis.

Ina theannta sin:

- Chuir an Chróit 4 iarratas isteach faoi Airteagal 7 de Rialachán TSI, rud a chuir ar a gcumas do na Ballstáit tacaíocht bhreise TSI a iarraidh ar a gcostas féin;
- Chuir 5 mBallstát iarratais isteach faoi Airteagal 7.2 den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, rud a chuir ar a gcumas do na Ballstáit a mholadh go gcuirfead san áireamh íocaíochtaí le haghaidh tacaíocht theicniúil bhreise ó TSI ina bplean téarnaimh agus athléimneachta (mar chostais mheasta).

	Líon na n-iarratas a cuireadh isteach	Líon na n-iarratas a roghnaíodh	Buiséad a cuireadh in áirithe do na hiarratais roghnaithe i milliúin EUR
Glao ginearálta	512	211	102.40
Glao tiomnaithe maidir leis an Úcráin	32	28	9.28
<b>IOMLÁN an TSI in 2022</b>	<b>544</b>	<b>239</b>	<b>111.68</b>
Airteagal 7 TSI	4	(3)	2.76
Airteagal 7.2 RRF	5	5	3.87

*Fíor 3 3 – Tábla forléargais TSI 2022*

Chlúdaigh na hiarratas a roghnaíodh faoi ghlaio ginearálta TSI 2022 príomhthosaíochtaí AE lena n-áirítear<sup>9</sup>:

- 103 iarratas a bhaineann le pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme;
- 95 iarratas a bhaineann leis an aistriú digiteach;
- 63 iarratas a bhaineann leis an gComhaontú Glas don Eoraip;
- 24 iarratas a bhaineann le comhionannas: tacaíocht do mhná, do dhaoine faoi mhíchumas, don phobal Romach, d'imircigh, do dhaoine aosta agus don phobal LGBTIQ+.

Aistríodh na 239 n-iarratas a roghnaíodh in 2022 ar thacaíocht TSI faoin dá ghlaio éagsúla ina 185 thionscadal. D'eascair 270 athchóiriú astu sin mar gheall ar mhéadú géar ar líon na dtionscadail iltíre chun dul i ngleic le riachtanais roinnt tíortha an tráth céanna. I gcás tionscadail iltíre, tagraítear do gach comhpháirt a bhaineann go sonrach le tír ar leith den thionscadal mar athchóiriú. De réir sainmhínte, tá tionscadal iltíre comhdhéanta de roinnt athchóirithe a bhaineann go sonrach le tír ar leith. Maidir le tionscadail neamhspleácha, comhfhreagraíonn gach tionscadal d'athchóiriú amháin.

Leithdháileadh 185 thionscadal TSI 2022 mar a leanas: 164 thionscadal neamhspleácha do Bhallstáit aonair agus 21 tionscadal iltíre ina gcuimsítear 106 athchóiriú a bhaineann go sonrach le tír ar leith.

Mar a luadh sa dara tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta<sup>10</sup>,

- Fuair 23 Bhallstát tacaíocht ghinearálta, nó tá tacaíocht ghinearálta á fáil acu faoi láthair, i gcomhair ghnéithe leithne de chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear tacaíocht chun athbhreithniú a dhéanamh ar na pleananna, agus faigheann na 27 mBallstát tacaíocht a bhaineann go sonrach le beartas atá nasctha le cur chun feidhme bhearta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta.
- Tá 8 mBallstát rannpháirteach faoi láthair i dtionscadal iltíre a fhaigheann tacaíocht ón Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil chun acmhainneacht a fhorbairt chun tairbhí na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur in iúl go héifeachtach.
- Fuair 17 mBallstát tacaíocht faoin bplean REPowerEU nó tá sí á fáil acu faoi láthair. Tá gné dhigiteach ag baint le roinnt beart freisin (e.g. digitiú an fhuinnimh).

Ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2023, dúnadh 2 thionscadal TSI 2022 agus bhí 183 thionscadal fós ar siúl. Áirítear le tionscadail shuntasacha TSI 2022 an tionscadal iltíre maidir le [príomhshruthú inscne i bpróisis bheartais phoiblí agus bhuiséid](#); tacaíocht don Rómáin chun dlús a [chur le rochtain ar sheirbhísí riachtanacha d'Úcránaigh easáitithe](#), agus [d'Acadamh Maoirseachta Airgeadais Dhigitigh an Aontais](#). Tá tuilleadh samplaí agus sonraí ar fáil sa doiciméad oibre inmheánach a ghabhann leis.

## Cur i ngníomh an tionscadail

Ciallaíonn cur i ngníomh na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil go bhfuil baint leanúnach ag AS na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach leis, ón gcéim dheartha go dtí go geuirtear chun feidhme í.

---

<sup>9</sup> D'fhéadfadh iarratas aonair ar thacaíocht theicniúil cur le roinnt tosaíochtaí AE.

<sup>10</sup> [https://commission.europa.eu/publications/recovery-and-resilience-facility-annual-report-2023\\_en](https://commission.europa.eu/publications/recovery-and-resilience-facility-annual-report-2023_en).

Tá AS na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach gníomhach ó na luathchéimeanna ina ndéantar an tionscadal a shainaithint, tráth a dhéantar for-rochtain fhorleathan chuig údaráis náisiúnta, teagmháil leanúnach idir comhordaitheoirí tíre AS na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach agus na húdaráis chomhordúcháin chomhfhreagracha, agus cruinnithe idir bainisteoirí sinsearacha AS na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach agus údaráis náisiúnta gach Ballstáit ina bpríomhchathair.

A luaithe a roghnaítear na hiarratais agus a shainítear an modh cur chun feidhme, bíonn idirchaidreamh rialta idir oifigigh bheartais AS na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach agus na húdaráis náisiúnta chun na haschuir inmhianaithe ó thionscadail a shainaithint agus chun na gníomhaíochtaí agus na pleananna oibre gaolmhara a mhúnlú. Tá siad i gcónaí ina mbaill foirne i dtionscadail ar leith, in éineacht le (aon) soláthraithe roghnaithe, agus comhoibríonn siad i mbainistiú laethúil an tionscadail. Éascaíonn siad cumarsáid éifeachtach idir (aon) soláthraithe agus údaráis náisiúnta freisin, rud a chuireann comthuisceint chun cinn chun a áirithiú go n-éireoidh leis an tionscadal.

Comhordaíonn AS na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach a cuid oibre le ranna eile de chuid an Choimisiúin trí líonra buan d'ionadaithe ó Ard-Stiúrthóireachtaí eile. Déantar amhlaidh chun a áirithiú go bhfuil an tacaíocht theicniúil a chuirtear ar fáil faoi TSI ailínithe le beartais an Aontais, nach ndéanann sí gníomhaíocht eile de chuid an Aontais a dhúbláil agus go ndéanann sí sineirgí le cláir eile de chuid an Aontais a scaoileadh. Is deis é an comhar sin le ranna eile de chuid an Choimisiúin freisin chun rochtain ar shaineolas teicniúil atá ar fáil sa Choimisiún a éascú nó a eagrú go héasca trí chláir eile de chuid an Aontais.

Mar réamhshocrú tá ball d'fhoireann AS na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach ina bhall de gach coiste stiúrtha tionscadail, mar aon le hoifigigh shinsearacha ó na húdaráis náisiúnta. Is é an ról atá acu a áirithiú go mbeidh an tionscadal ar aon dul le tosaíochtaí náisiúnta agus AE an t-am ar fad agus go n-oirfidh sé don chomhthéacs atá ag teacht chun cinn más gá, d'fhonn cur leis an gclár oibre athchóirithe náisiúnta.

## **Meastóireacht**

Tugann an mheastóireacht ar chlár agus ar thionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil fianaise ar thorthaí na mBallstát agus na saoránach ar an bhfód. Déanann AS na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach meastóireacht ar an tacaíocht a chuireann sé ar fáil do na Ballstáit ar leibhéal na gclár agus ar leibhéal na dtionscadal araon.

I gcomhréir le treoirlínte an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr, tá an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil faoi réir meastóireacht meántearma (faoi mhí Feabhra 2025) agus meastóireacht *ex post* (faoi mhí na Nollag 2030)<sup>11</sup>, agus tá staidéar a dhéanann tríú páirtí neamhspleách mar bhonn agus thaca ag gach ceann díobh. Meastar go mbeidh ról tábhachtach ag meastóireacht lár téarma TSI maidir leis an chéad ghlúin eile den chlár seo a mhúnlú.

De bhreis ar an meastóireacht a rinneadh ar leibhéal an chláir, tá nós imeachta dhá chéim curtha i bhfeidhm ag AS na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach chun meastóireacht a dhéanamh ar thionscadail tacaíochta teicniúla TSI. Déantar an chéad chéim go gairid tar éis dhúnadh an tionscadail chun a mheas an bhfuil na príomhpháirtithe leasmhara a bhfuil baint acu leis an tionscadal sásta le dearadh agus seachadadh an tionscadail. Is é aidhm an dara céim measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíon an tionscadal na torthaí a bhfuil coinne leo agus a tharlaíonn bliain amháin ar a laghad tar éis an tionscadal a dhúnadh.

---

<sup>11</sup> [Rialachán](#) TSI, Airteagal 16.



Cé gur féidir le fad an tionscadail a bheith éagsúil, tógann sé 24 mhí ar an meán tionscadal TSI a chríochnú. Ó cuireadh na chéad tionscadail de TSI 2021 ar bun i lár 2021, dáta foilsithe na tuarascála seo, níl ach cúpla tionscadal dúnta le níos mó ná cúpla mí anuas. Léirigh na chéad fhreagraí a bhí ar fáil ar na ceistneoirí meastóireachta meastóireacht dhearfach ar luach TSI. Go háirithe, ba mhór ag na húdaráis náisiúnta dlúthbhaint a bheith acu leis na céimeanna ina ndéantar na tionscadail a sainaithint agus le linn a gcur chun feidhme. Chuir na húdaráis náisiúnta luach freisin ar an ról gníomhach a bhí ag AS na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach maidir le teagmhálacha díreacha leo agus le soláthraithe na tacaíochta teicniúla a chumasú.

## Cumarsáid

Oibríonn an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil as lámh a chéile le riaracháin náisiúnta chun tacú lena n-athchóirithe a dhearadh agus a chur chun feidhme ar mhaithe lena saoránaigh agus lena ngnólachtaí. Chun a áirithiú go bhfuil an **cistiú AE a chuirtear ar fáil le feiceáil**, cuireann AS na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, tionscadail TSI agus a dtorthaí chun cinn trí bhealaí tiomnaithe agus soláthraíonn sí **faisnéis spriocdhírthe do shainghrúpaí éagsúla**, lena n-áirítear na meáin agus an pobal.

Sa chomhthéacs sin, d'éirigh le AS na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach preasagallamh TSI agus comhdháil bhliantúil TSI a leabú i dtimthriall bliantúil an chláir. Ina theannta sin, roinntear gníomhaíochtaí agus torthaí na hIonstraime um Thacaíocht theicniúil agus tionscadal TSI a ghabhann léi go forleathan ar **[shuíomh gréasáin AS na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach](#)**, agus soláthraítear faisnéis mhionsonraithe de réir **[réimse beartais](#)** agus de réir **[tíre](#)**. Déanann an suíomh gréasáin an **[stór poiblí aonair ar líne a óstáil freisin](#)** de tháirgí insoláthartha deiridh tionscadail TSI. Úsáideann AS na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach na meáin shóisialta chun faisnéis faoi TSI a roinnt trína chuntas Twitter/X **[@EU\\_reforms](#)**.

## Conclúid

Sa chéad dá bhliain dá chur chun feidhme, chuir TSI tacaíocht theicniúil ar fáil do cheapadh agus do chur chun feidhme na n-athchóirithe sna Ballstáit uile. Tá líon na n-iarratas a fuarthas níos mó ná líon na n-iarratas a bhí ar chumas an chláir a chumhdach, rud a léiríonn spéis na n-údarás náisiúnta sna deiseanna a thairgtear leis an ionstraim seo.

Bhí an líon méadaitheach tionscadal iltíre le linn an dá bhliain ina tháscaire ar chumas chlár TSI breisluach breise AE a thabhairt agus malartú dea-chleachtas agus deiseanna foghlama frithpháirteacha a éascú i measc na riarachán náisiúnta.

Chuir AS na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach dlús lena cumarsáid ar ghníomhaíochtaí TSI chun cuntasacht na hionstraime a fheabhsú agus chun na húdaráis náisiúnta a chur ar an eolas faoi na deiseanna atá ar fáil faoi TSI. Tá sé d'aidhm ag an gcumarsáid seo tuiscint na n-údarás náisiúnta ar na deiseanna atá ar fáil faoi TSI a leathnú agus a chur ar a gcumas dóibh tionscadail a dhearadh chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an ionstraim chun dul i ngleic lena riachtanais shonracha.

Níos tábhachtaí fós, rinne foireann AS na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach a míle dícheall ar gach leibhéal chun tacú leis na Ballstáit le linn na céime cur chun feidhme chun a áirithiú go raibh rath ar na tionscadail agus go raibh a n-aschuir i gcomhréir le cuspóirí na mBallstát i gcónaí. Comhoibríonn AS na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach freisin leis na húdaráis náisiúnta chun dul níos faide ná cur chun feidhme tionscadal ar leith – a chríochnaíonn le haschuir a bhaint amach agus a sheachadadh – agus d'fhéadfadh sí tacú leo obair leantach a dhéanamh ar thorthaí na dtionscadal chun a gclár oibre athchóirithe a chur chun feidhme.

Ós rud é gur cuireadh tús le cur chun feidhme na chéad timthrialla den Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil in 2021, tá sé róluath fós measúnú a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach ag na tionscadail ar an bhfód. Mar sin féin, bunaithe ar aiseolas a fuarthas ó údaráis is tairbhithe ar leibhéal an tionscadail, agus ó údaráis chomhordúcháin ar leibhéal na tíre, ba mhór ag na Ballstáit go ginearálta an tacaíocht a cuireadh ar fáil trí TSI, go háirithe an ról gníomhach is féidir leo a imirt maidir le tionscadail a dhearadh agus a chur chun feidhme, agus an chumarsáid éifeachtach a rinne AS na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach.